Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2026
(OR. en)

10346/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0358(COD)

TELECOM 301
COMPET 744
MI 605
DATAPROTECT 191
JAI 802
CODEC 1130

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Meitheamh 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9684/26 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15701/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bunú Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa<br>- Cur chuige ginearálta<br>= *Ráiteas comhpháirteach ón Eastóin, ó Mhálta, ón Ostair, ón bPolainn agus ón tSlóivéin* |

**D'iarr an Eastóin, Málta, an Ostair, an Pholainn agus an tSlóivéin go gcuirfí an ráiteas comhpháirteach seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tacaímid go láidir le cuspóirí na Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa (dá ngairtear TGE anseo feasta), go háirithe digiteáil an Mhargaidh Aonair agus laghdú na n-ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo ar oibreoirí eacnamaíocha. Ag an am céanna, **ba mhaith linn béim a leagan ar roinnt ábhair imní thábhachtacha ar cheart iad a léiriú go cuí i gcreat TGE:**

- Ba cheart a áirithiú go soiléir leis an Rialachán nach ndéanfar dúbláil le TGE ar réitigh dhigiteacha náisiúnta agus Aontais atá ann cheana agus nach dtiocfaidh sé in ionad na réiteach sin ná nach mbainfidh sé an bonn díobh. Ba cheart córais sheanbhunaithe chun sonraí agus doiciméid a mhalartú, lena n-áirítear na córais sin a úsáidtear idir údaráis inniúla agus oibreoirí eacnamaíocha, a bheith inúsáidte go hiomlán i gcónaí.
- Ba cheart léiriú soiléir ar bhreisluach a bheith mar threoir ag cur chun feidhme fheidhmiúlachtaí TGE agus níor cheart feidhm a bheith aige ach amháin i gcás inarb iomchuí, agus éagsúlacht, castacht agus ceanglais shonracha na nósanna imeachta riaracháin ar fud na mBallstát á gcur san áireamh.
- Ba cheart leanúint de na ceanglais dhlíthiúla, na bonneagair agus na córais theicniúla atá ann cheana, lena n-áirítear réitigh dhigiteacha earnáilsonracha atá i bhfeidhm cheana, a urramú agus ba cheart dóibh a bheith a bheith go hiomlán oibríochtúil i gcónaí.
- Níor cheart do TGE ualaí díréireacha riaracháin ná airgeadais a chruthú, go háirithe do FBManna agus do riaracháin phoiblí. Ba cheart go mbainfí tairbhí soiléire lena húsáid agus níor cheart, sa chleachtas, go mbeifí ag brath ar sheirbhísí idirghabhálacha i gcás ina bhfuil seirbhísí digiteacha poiblí éifeachtúla ann cheana féin.
- Ar deireadh, beidh idir-inoibritheacht, caighdeáin theicniúla shoiléire agus dlúthchomhar leis na Ballstáit agus gníomhartha cur chun feidhme á n-ullmhú ríthábhachtach chun cur chun feidhme rianúil agus praiticiúil TGE a áirithiú.

Le réiteach cothrom inoibrithe, ba cheart tairbhí nithiúla a chur ar fáil do ghnólachtaí agus na héiceachórais dhigiteacha náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana á n-urramú ag an am céanna.